Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**11549/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0102(COD)**

**CODEC 1364**
**JEUN 91**
**EDUC 299**
**EMPL 392**
**SOC 492**
**SPORT 45**
**COHAFA 66**
**PROCIV 55**
**COMPET 552**
**ECOFIN 777**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos an creat dlíthiúil don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 30 Bealtaine 2017 chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 294, ar mhír 4 d'Airteagal 166 agus ar mhír 4 d'Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Deireadh Fómhair 2017[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

[1] 9845/17.
[2] IO C 81, 2.3.2018, lch. 160.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 11 Meán Fómhair 2018. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 47/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Polainne ag staonadh ó vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1 agus in aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;
- a chinneadh go bhfoilseofar na ráitis atá in Aguisín 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 11487/18.